TG4 súil eile

# Polasaí Teanga maidir le hÁbhar TG4: Treoir do Léiritheoirí

## Réamhrá & Raon feidhme

Is polasaí oifigiúil de chuid TG4 í an cháipéis seo ina leagtar amach an cur chuige straitéiseach agus na caighdeáin atá le comhlíonadh i leith úsáid na Gaeilge i ngach ábhar a choimisiúnaítear, a fhaightear agus a chraoltar ar ardáin TG4.

Tá sé mar mhisean ag TG4 seirbhísí meán a chur ar fáil atá taitneamhach agus nuálach chun ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus nasc a chruthú leis an lucht féachana sa bhaile agus ar fud an domhain. Is é fís TG4 "teanga agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn ionas go mbeidh rath orthu agus a chinntiú go mbeidh áit lárnach ag TG4 i saol mhuintir na hÉireann, in Éirinn féin agus thar lear".

Tá TG4 ag iarraidh a chinntiú go dtugtar léargas leathan ar shaol na nGael agus na hÉireann san ábhar a léirítear dúinn. Tá sé mar aidhm a chinntiú go bhfreastalaíonn ábhar TG4 ar phobal na Gaeilge ina iomláine agus go dtacaítear le réimse leathan lucht labhartha - idir chainteoirí dúchais, fhoghlaimeoirí, dhaoine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge agus lucht féachana nua. Tacaíonn an polasaí seo le misean seirbhíse poiblí TG4 an Ghaeilge a chur chun cinn, a normalú agus a fhorbairt mar mheán beo comhaimseartha, laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di.

Aithníonn TG4 go bhfuil buntáiste cruthaitheach ar leith ag baint leis an teanga a chuireann le sainiúlacht agus le tarraingteacht an ábhair a chuirtear ar fáil don lucht féachana. Tá dualgas ar TG4 agus ar gach duine a chuireann seirbhísí ar fáil do TG4 an teanga a úsáid go héifeachtach le freastal ar an uile chineál cainteora Gaeilge. Is é aidhm an pholasaí seo Gaeilge shaibhir ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud aschur TG4 agus treoir shoiléir phraiticiúil a chur ar fáil do léiritheoirí agus do chruthaitheoirí. Féachtar le cothromaíocht chuí a bhaint amach idir cruinneas agus saibhreas teanga, foghraíocht agus canúint, ionas go mbeidh an t-ábhar nádúrtha agus inchreidte don chainteoir dúchais ach í a bheith ar fáil ag an am céanna do lucht féachana níos leithne.

Ní mór gach ábhar a léirítear a bheith intuigthe ag an lucht féachana agus iad in ann taitneamh a bhaint as de réir a gcumais teanga.  Ba cheart an cur chuige teanga; an chaint, stór focal, comhréir agus blas agus canúint a bheith ar comhchéim leis na gnéithe teicniúla agus cruthaitheacha atá in ábhar atá á léiriú. Is ar na léiritheoirí clár atá an fhreagracht a chinntiú go dtugtar aird mar is cuí ar na gnéithe sin go léir.

Baineann an polasaí seo le gach ábhar a choimisiúnaíonn TG4, lena n-áirítear ábhar ilardáin, ábhar digiteach, ábhar do Sheinnteoir TG4, leaganacha dubáilte, YouTube, teidil, cur síos agus aon ábhar a fhoilsítear a bhaineann leis an léiriú.  Baineann sé freisin le gach céim den phróiseas, ón bhforbairt agus an réamhléiriú go dtí léiriú, iarléiriú agus seachadadh deiridh an ábhair. Ba chóir an sprioc lucht féachana a shainiú go cúramach nuair atá an cur chuige teangeolaíoch á bhreithniú do gach clár. Mar riail ghinearálta, ba chóir gurb é an aidhm teanga a úsáid atá intuigthe agus oiriúnach don chlár, atá soiléir agus nádúrtha don chainteoir.

Beidh comhlíonadh an pholasaí seo mar chuid de mheasúnú eagarthóireachta TG4 agus cuirfear san áireamh é i gcinntí coimisiúnaithe; nuair atá ábhar á sheachadadh agus i measúnaithe eagarthóireachta. Ní mór do gach léiritheoir a chinntiú go gcomhlíonann an t-ábhar na caighdeáin teanga atá leagtha amach sa pholasaí seo ag gach céim den phróiseas. Féadfaidh TG4 leasuithe breise, ceartúcháin nó athsheachadadh a éileamh mura gcomhlíonann an t-ábhar na caighdeáin teanga riachtanacha.

## Líofacht, Canúint & Cruinneas Teanga

Tá TG4 ag súil go mbeidh Gaeilge ar a dtoil ag príomhláithreoirí, rannpháirtithe agus ag aisteoirí. Tá líofacht, cruinneas agus foghraíocht chruinn riachtanach.

I gcás rannpháirtithe nach bhfuil líofa, ceadófar rannpháirtíocht má tá cúis láidir eagarthóireachta leis ach é sin a bheith aontaithe leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair. Ceadófar Béarla a úsáid ar bhonn teoranta in ábhar coimisiúnaithe TG4 más léiriú é ar an saol mar atá; má tá údar eagarthóireachta soiléir leis nó má tá sé oiriúnach don seánra agus don sprioc lucht féachana. Tá freagracht ar léiritheoirí treoir agus oiliúint a chur ar fáil. Is féidir leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair aiseolas agus treoir a thabhairt nuair is gá. Ba chóir scripteanna a scríobh i nGaeilge seachas iad a aistriú ón mBéarla agus ba chóir dul na Gaeilge a bheith ar scripteanna agus ar mhíreanna atá á gcur i láthair mar phíosaí go ceamara.

Beidh tuin, seánra agus sprioc lucht féachana le cur san áireamh sa chur chuige teanga agus beidh sé le ceadú ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair. Cuirfear fáilte roimh chanúintí na Gaeltachta agus nua-chainteoirí na Gaeilge agus tá sé ríthábhachtach saibhreas agus éagsúlacht canúintí a bheith le cloisteáil san ábhar.

Glactar leis sa pholasaí seo go mbainfidh cainteoirí dúchais agus daoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, a bheidh rannpháirteach in ábhar, úsáid as focail nó frásaí Béarla ("code-switching" cód-mhalartú) i gcláracha agus in ábhar TG4. Is nósmhaireacht teanga forleathan é seo agus ní mór do léiritheoirí sin a ghlacadh san áireamh. Níor cheart mar sin féin go mbeadh láithreoirí ag úsáid focail ná leaganacha cainte Béarla fiú má tá siad le cloisteáil go coitianta sa teanga labhartha. Beidh inghlacthacht an chóid mhalartaithe ag brath ar an gcineál cláir agus an sprioc lucht féachana a bheidh i gceist.

## Comhairleoireacht Teanga

Ba cheart cur chuige soiléir teanga a leagan amach i ngach iarratas cláir i dtaobh úsáid na Gaeilge ar an scáileán agus taobh thiar de.

Tá TG4 ag bunú painéal comhairleoirí teanga chun tacú le caighdeán agus saibhreas na Gaeilge i gcláir TG4 agus is baill den phainéal sin amháin is féidir a úsáid chun seirbhísí teanga a chur ar fáil. Tá sé de dhualgas ar léiritheoirí comhairleoir teanga ón bpainéal sin a cheapadh do gach léiriú. Ní mór don chomhairleoir teanga agus don léiritheoir oibriú i gcomhar leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe chun a chinntiú go gcomhlíonann an t-ábhar na caighdeáin teanga ag gach céim - - ó thosaítear ag forbairt an ábhair go seachadtar é. Ba chóir an comhairleoir teanga cuí a cheapadh don togra chun a chinntiú go mbeidh teanga agus canúint an chláir ag teacht leis an láthair agus leis an gceantar ina ndéanfar an taifeadadh.

## Léiriú & ar an Láthair

Tá gach foireann léirithe agus criú ag déanamh ionadaíocht ar TG4. Ba cheart gurb í an Ghaeilge an phríomhtheanga oibre nuair is cuí agus indéanta, go háirithe ar an láthair taifeadta agus in aon teagmháil le rannpháirtithe agus le haíonna.

Ba cheart Gaeilge a bheith ag léiritheoirí, stiúrthóirí agus taighdeoirí a bhíonn i mbun teagmhála le haíonna, a bhíonn ag cur agallaimh ar rannpháirtithe nó ag plé le haíonna nó le haisteoirí ar an láthair.

I gcás daoine nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, moltar tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil dóibh, nathanna cainte a roinnt leo, mar shampla, chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn le linn an léirithe.

Ní mór Gaeilge chruinn a bheith ar aon fhógra, cáipéis, ábhar poiblíochta nó glaonna ar rannpháirtithe, iomaitheoirí nó aon ábhar eile a fhoilsítear ar líne, sna meáin nó ar aon ardán eile.

## Treoir de réir Seánra

### Drámaíocht & Scannáin

Ní mór gach script a scríobh i nGaeilge ón tús. Tabharfar tosaíocht d'ábhar a fhorbraítear i nGaeilge seachas ábhar a aistrítear ón mBéarla. Tá tacú le cruthaitheacht na Gaeltachta agus na Gaeilge ina sprioc ag TG4 agus ba mhaith linn deiseanna a chinntiú do scríbhneoirí agus do scéalaithe Gaeltachta agus na Gaeilge mórthograí drámaíochta a chur ar scáileán.

Ní mór aon script a bheith scríofa don chluas seachas le léamh agus go mbeadh canúint chruinn ann ó chéim na forbartha de réir dhomhan na scéalta agus go gcloífí leis an gcanúint ó thús go deireadh. Ní mór do chomhairleoir teanga a bhfuil saineolas drámaíochta aige a bheith páirteach sa bhforbairt, i scríobh na scripte, sa réamhléiriú (casting), sa taifeadadh agus san iar-léiriú.

Is gá aisteoirí le Gaeilge labhartha mhaith nó líofa a mholadh agus a roghnú do phríomhpháirteanna i scannáin agus i ndrámaíocht teilifíse. Slat tomhais le húsáid an bhfuil an t-aisteoir in ann agallamh a dhéanamh i nGaeilge faoin scannán / dráma. Mura bhfuil, níor chóir iad a mholadh do phríomhpháirteanna. Ní ghlacfar le haisteoirí a dteastóidh cúnamh foghraíochta uathu don pháirt. Tabharfar tosaíocht d'aisteoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus ní mór gur cainteoirí Gaeilge an príomhchliar a mholfar d'aon drámaíocht i nGaeilge. Ní ghlacfar le haisteoirí nach bhfuil Gaeilge acu do pháirteanna móra i ndrámaíocht ná scannáin TG4. Ní mór gach aisteoir a roghnaítear a bheith ceadaithe ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe.

### Faisnéis & Cúrsaí Reatha

Ní mór gach ábhar faisnéise agus fíorasach a bheith ar ardchaighdeán cruinnis; saibhreas cainte a bheith ann agus téarmaíocht cheart a bheith in úsáid agus go mbeadh saibhreas cainte ag an té a bheadh i mbun guthaithe.

Ní mór scripteanna a bheith scríofa don chluas agus dul na Gaeilge a bheith orthu. Ba cheart an Ghaeilge a bheith soiléir agus nádúrtha i gcónaí - seachain aistriúchán díreach ón mBéarla ar scripteanna.

Ní mór láithreoirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a mholadh d'ábhar faisnéise TG4. Níl sé inghlactha saineolaithe nó rannpháirtithe ar Béarla atá acu a úsáid má tá saineolaithe agus rannphháirtithe a bhfuil Gaeilge acu ar fáil seachas i gcásanna ina meastar, ar chúiseanna eagarthóireachta, gur fiú é, ach is gá sin a aontú roimh ré leis an Eagarthóir Coimisiúnaithe.

Úsáidtear cláir cúrsaí reatha go minic mar an slat tomhais i dtaobh ardchaighdeán teanga, agus ní mór na caighdeáin sin a bhaint amach i ngach clár dá leithéid a chraoltar ar TG4.

## Siamsaíocht, Saolchlár & Fíorasach Éadrom

Ba chóir Gaeilge nádúrtha, comhrá beo neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán a bheith i ngach ábhar den chineál seo agus cruinneas teanga a bheith tríd síos.

Ní mór Gaeilge ar a dtoil a bheith ag láithreoirí agus iad a bheith ceadaithe ag an Eagarthóir Coimisiúnaithe. Ní mór comhairleoir teanga a bheith ag obair ar gach léiriú le tacaíocht a thabhairt do láithreoirí agus do rannpháirtithe.

## Lucht Féachana Óige (f.35) & Ábhar Ilardán

Is Gaeilge chomhaimseartha fhuinniúil de thuin agus de luas oiriúnach atá ag teastáil san ábhar seo, atá oiriúnach ó thaobh teanga agus ábhair do lucht féachana leathan.

Ní mór gach aschur digiteach a bheith cruinn ó thaobh na Gaeilge lena n-airítear clips gearra, promos, reels, teasers, thumbnails, captions, supers, fotheidil, agus aon ábhar a fhoilsítear ar ardáin TG4 - agus go mbeadh sé ag teacht le nósmhaireacht nó le branda an ardáin. Ní mór comhairleoir teanga a bheith ag obair ar gach léiriú chun tacú le láithreoirí agus le rannpháirtithe agus nuair a bheadh ábhar á fhoilsiú ar líne.

## Spórt

Tá Gaeilge líofa shoiléir chruinn agus fhuinniúil ag teastáil sa seánra seo le coinneáil leis an aicsean agus atá furasta le leanúint ag lucht féachana éagsúil.

Ba cheart tosaíocht a thabhairt do nádúrthacht cainte, do shoiléireacht agus do luas cuí i dtráchtaireacht bheo. Ní mór comhairleoir teanga a bheith ag obair ar gach léiriú le tacaíocht a thabhairt do láithreoirí agus do rannpháirtithe.

## Páistí (Cúla4):

Tá ábhar Cúla4 ag tacú le páistí atá ag sealbhú na teanga agus le páistí saibhriú a dhéanamh ar a dteanga. Tá sé tábhachtach go mbeadh an teanga oiriúnach do pháistí, go mbeadh sí dírithe ar aoisghrúpaí éagsúla agus go mbainfí leas as seifteanna ar nós athrá, míniú, luas, grafaicí tacúla.

Ní mór an Ghaeilge a bheith saibhir, cruinn agus intuigthe, go gcuirfí béim ar dhea-fhoghraíocht agus ar shaibhreas canúna sna cláir. Tá sé tábhachtach go mbeadh scripteanna na gclár nádúrtha agus nach mbeadh dul an Bhéarla ar abairtí.

Ba cheart Gaeilge ar ardchaighdeán a bheith ag láithreoirí agus ag an bpríomhchliar. Ba cheart uchtach a thabhairt do pháistí atá rannpháirteach sna cláir an Ghaeilge atá acu a úsáid go nádúrtha. Ba cheart daoine óga a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar an láthair/sa stiúideó más gá. Ní mór comhairleoir teanga a bheith ag obair ar gach léiriú ach go háirithe ar an láthair le linn taifeadta.

Tá treoirlínte Cúla4 maidir le húsáid na Gaeilge le fáil ag an nasc thíos:

Treoirlínte Gaeilge Cúla4

## Foghlaimeoirí:

Ba mhaith le TG4 go mbainfeadh foghlaimeoirí Gaeilge sult agus tairbhe as ábhar an bhranda agus cuirfidh TG4 réimse ábhair ar fáil dóibhsean atá ag foghlaim na Gaeilge nó ag cur lena gcuid Gaeilge.

I gcás léirithe atá dírithe ar fhoghlaimeoirí, sa chóras oideachais nó sa phobal, ba chóir saineolaí ar fhoghlaim na Gaeilge a bheith páirteach mar chuid lárnach den phróiseas, ón réamhléiriú go dtí an léiriú agus an t-iarléiriú. Chinnteodh sé sin go mbeadh an teanga a d'úsáidfí oiriúnach, cruinn agus intuigthe don sprioc lucht féachana.

Ní mór a chinntiú go bhfuil an teanga soiléir agus leanúnach agus go mbaintear úsáid as seifteanna oiriúnacha a thacaíonn le sealbhú teanga. Tá sé tábhachtach freisin go gcloisfeadh foghlaimeoirí canúintí na Gaeilge, ionas go mbeidh tuiscint acu ar shaibhreas agus ar éagsúlacht na teanga.

## Ceadú Eagarthóireachta & Dearbhú Teanga

Ní mór plean teanga agus ceadú teanga a bheith mar chuid den phróiseas eagarthóireachta ag gach ceann de na céimeanna seo a leanas:

- forbairt agus coincheap
- script (más ábhartha)
- réamhléiriú - roghnú láithreoirí, aisteoirí, rannpháirtithe
- ar an láthair
- gearradh deiridh
- supers, creidiúintí agus fotheidil

Is faoi chúram an Eagarthóra Coimisiúnaithe é sin a aontú, i gcomhar leis an léiritheoir agus leis an gcomhairleoir teanga. Ní mór deimhniú a thabhairt go gcomhlíonann an t-ábhar na caighdeáin teanga agus é sin a bheith san áireamh mar chuid den fhoirm chomhlíontachta ábhair.

# Forbairt & Tacaíocht Earnála

Aithníonn TG4 an gá atá le scileanna teanga a fhorbairt san earnáil agus le comhlachtaí nua a mhealladh. Tacóidh TG4 le hoiliúint agus forbairt, le haiseolas eagarthóireachta agus le dea-chleachtas a roinnt leis an earnáil. Tá painéal comhairleoirí teanga curtha le chéile ag TG4 agus is féidir treoir a fháil ón Eagarthóir Coimisiúnaithe de réir seánra.

Is é an aidhm atá ag TG4 caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a threisiú ar fud na hearnála agus dár lucht féachana ar fud ardáin uile TG4. Ar an mbealach sin, cuirtear leis an tuiscint ar an nGaeilge mar mheán cruthaitheach oscailte agus ábhartha do ghlúnta éagsúla cainteoirí.

Is í Ard-Stiúrthóir TG4 príomheagarthóir TG4 agus glacfar le haon treoir réasúnta maidir le cur i bhfeidhm an pholasaí teanga ar mhaithe le cur chun cinn na teanga agus misean TG4 dár lucht féachana.